RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/527 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2020

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na tairseacha le haghaidh tuairisciú suímh sheachtainiúil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún ([2]), in Airteagal 83 de, bunaítear na híostairseacha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 58(1) de Threoir 2014/65/AE, ar os a gcionn a cheanglaítear ar ionaid trádála tuarascálacha seachtainiúla dá dtagraítear in Airteagal 58(1)(a) den Threoir sin a chur ar fáil don phobal.

(2) Ba cheart an íostairseach maidir le méid na suíomhanna oscailte a leasú chun trédhearcacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara i ndáil le raon níos leithne díorthach tráchtearraí. Níor cheart go mbeadh foilsiú tuarascálacha suímh seachtainiúla ag brath a thuilleadh ar mhéid an leasa oscailte i gcomparáid le méid an tsoláthair inseachadta, seachas sin ba cheart é a bheith bunaithe ar chritéir níos simplí, eadhon méid an leasa oscailte sa díorthach tráchtearraí sin.

(3) Maidir le tairseach leasa oscailte, ba cheart tuarascálacha suímh seachtainiúla a fhoilsiú ina bhfuil an leas oscailte foriomlán i spotchonarthaí agus i gconarthaí míonna eile cothrom le, nó níos mó ná, 10 000 beart, chun a áirithiú go bhfuil leas leordhóthanach i ndíorthach tráchtearraí chun údar a thabhairt le foilsiú tuairiscí suímh seachtainiúla.

(4) Chun an riosca go ndéanfaí sárú rúndachta i leith sealbhóirí suímh a laghdú, i gcás conarthaí ina n-áirítear níos lú ná cúig shealbhóir suímh ghníomhaigh i gcatagóir daoine, níor cheart aon fhaisnéis maidir leis an gcatagóir daoine sin a áireamh sa tuarascáil suímh sheachtainiúil a fhoilsítear.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 83 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 mar a leanas:

(1) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) go bhfuil dearbhmhéid an ollmhéid fhada nó ghearr de leas oscailte iomlán arna shloinneadh mar líon bhearta an díorthaigh tráchtearraí ábhartha cothrom le, nó níos mó ná, 10 000 beart.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Maidir le lamháltais astaíochtaí nó díorthaigh díobh, ní bheidh feidhm ag pointe (b).";

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críoch na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás conarthaí ina bhfuil níos lú ná cúig shealbhóir suímh i gcatagóir daoine ar leith, ní fhoilseofar na suíomhanna fada agus gearra comhiomlána, na hathruithe a ndearnadh orthu ón tuarascáil roimhe sin, an céatadán den leas oscailte iomlán sa chatagóir sin ná líon na sealbhóirí suímh sa chatagóir sin.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN